# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**12ú Aibrean 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**11.04** Satharn 11 rn.
Séamus Mhandy McGee,An Ardaí Bheag
**11.04** Satharn 7 i.n.
Willie agus Gracie Boyce Cill Ulta
**12.04** Domhnach 9 r.n.
Nora (Eoghan) Ferry, Doire Chonaire (C .Míosa)
**12.04** Domhnach 11 r.n.
Teresa Boyle, Doire Chonaire
**13.04** Luain 7 i.n.
**14.04** Máirt 10 r.n.
**15.04** Céadaoin 7 i.n.
**16.04** Déardaoin 7 i.n.
**17.04** Aoine 7 i.n.
Sarah,Ned,Patrick & Grace Terry, Mín Doire
**18.04** Satharn 7 i.n.
Joe Ferry, An Ardaí Bheag/Londain
**19.04** Domhnach 9 r.n.
Eddie Rua Ó Canainn & a bhean chéile Anne, An Ardaí Bheag
**19.04** Domhnach 11 r.n.
Josie Ó Fríl, Cill Ulta

**BÁS LE GAIRID**
Pól Ó Donnachadh, Machaire Rabhartaigh
Josie Doohan,Fanaboy
**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
Nora Nic Grianna An Ardaí Bheag

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**DÁTAÍ DON DIALANN**
**25.04.26 - Cóineartú**
**23.05.26 - An Chéad Chomaoineach**

**CRUINNIÚ AIRGID**
Tógadh €1,370 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**AN DARA DOMHNACH DEN CHÁISC A**
**AN CHÉAD LÉACHT**
**Sliocht as Gníomhartha na nAspal. 2:42-47.**
Mhair na bráithre seasmhach i dteagasc na n-Aspal, i gcumann an bhriseadh aráin agus in urnaithe.
Bhí mórán iontas agus míorúiltí á ndéanamh fosta ag na hAspail i Iarúsailéim agus bhí eagla mhór ar an uile dhuine. An méid a chreid, bhíodh siad i bhfochair a chéile agus bhíodh gach uile ní i gcomhar acu. Dhíoladh siad a maoin, agus a gcuid den saol, agus rannadh siad ar gach duine de réir mar a bhíodh sé i riachtanas.Ag fanacht gach lá ar aon toil amháin sa teampall agus ag briseadh aráin ó theach go teach chaitheadh siad a gcuid bia faoi áthas agus faoi shimplíocht chroí, ag moladh Dé agus meas an phobail orthu. Mhéadaigh an Tiarna i gceann a chéile gach lá an méid a bhí le slánú.
**Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM**
**Alleluia, alleluia, alleluia!**

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as céad litir Naomh Peadar. 1:3-9.**
Moladh le Dia, Athair ár dTiarna Íosa Críost. Is dá mhórthrócaire a athghineadh sinne trí aiséirí Íosa Críost ó mhairbh, ionas go mbeadh muinín beo againn as an oidhreacht atá buan gan smál agus atá á taisceadh ar neamh daoibhse; atá faoi choinirce Dé na bhfeart fríd an gcreideamh, go dtí go bhfoilseofar i ndeireadh aimsire an slánú atá i ndán daoibh. Is cúis lúcháire agaibh é sin; siúd is go bhfuil oraibh cruatain éagsúla a fhulaingt ar feadh tréimhse bige, ionas go dtástalfar fírinneacht bhur gcreidimh - is luachmhaire an creideamh sin ná ór so-chaite ainneoin a thástála le tine - agus is é a bheidh ina údar molta agus glóire agus onóra agaibh an lá a thaispeánfar Íosa Críost. Thug sibh grá dósan cé nach bhfaca sibh é. Ní fheiceann sibh anois féin é, ach creideann sibh ann, le hardáthas dolabhartha. Gheobhaidh sibh slánú bhur n-anamacha mar thoradh ar bhur gcreideamh.
**Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**
**ALLELUIA**
**"Dé bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú." a deir an Tiarna.**
**"Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid."**
**Alleluia!**

**SOISCÉAL**
**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin. 20:19-31.**
Tráthnóna an lae sin, an chéad lá den tseachtain, nuair a bhí na doirse druidte ar an áit a raibh na

deisceabail, le heagla roimh na Giúdaigh, tháinig Íosa chucu, sheas sé ina measc agus dúirt leo: "Síocháin daoibh!" Nuair a bhí an focal sin ráite thaispeáin sé daofa a lámha agus a thaobh. Bhí lúcháir ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna. Labhair Íosa leo arís agus dúirt: "Mar a chuir an tAthair mise uaidh, táimse do bhur gcur-sa." Nuair a bhí sin ráite aige, shéid sé a anáil orthu agus dúirt:"Glacaigí an Spiorad Naomh. Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh, beidh siad maite dóibh; na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacai, beidh a bpeacaí coinnithe."Ní raibh Tomás, duine den dáréag, ar a dtugtaí Didimus, ina gcuideachta nuair a tháinig Íosa. D'inis na deisceabail eile dó: "Chonaic muid an Tiarna." Ach dúirt seisean leo: "Muna bhfeice mé lorg na dtáirní ina lámha agus muna gcuirim mo mhéar isteach san áit a ndeachaigh na táirní, agus mo lámh isteach ina thaobh, ní chreidfidh mé." Ocht lá ina dhiadh sin bhí na deisceabail sa teach arís, agus Tomás leo. Bhí na doirse druidte, ach tháinig Íosa, sheas sé ina measc agus dúirt: "Síocháin daoibh!" Ansin dúirt sé le Tomás: "Sín amach do mhéar agus seo duit mo lámha; cuir amach do lámh agus cuir isteach i mo thaobh í; ná bí michreidmheach, ach creidmheach." D'fhreagair Tomás: "Mo Thiarna agus mo Dhia." Dúirt Íosa leis:
"De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú.
Is beannaithe iad sin nach bhfaca agus a chreid."
Is iomaí sin comhartha eile a rinne Íosa i láthair a dheisceabal nach bhfuil scríofa sa leabhar seo. Ach tá an méid seo scríofa ionas go gcreide sibh gurbh é Íosa an Críost, Mac Dé, agus trí bhur gcreideamh go mbeadh beatha agaibh ina ainm.

**Soiscéal an Tiarna. FR. Moladh duit, a Chríost.**

**CUARTAÍOCHT BHAILE**
Dhéanfaidh an tAth. Donnchadh cuairt a thabhairt ar na seandaoine agus na daoine tinne, trathnóna Dé Luain, Dé Céadaoine agus Déardaoin seo chugainn:

ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE - Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**CLEACHTADH DON CHÓR**
Beidh cleachtadh ann oíche Luan 13ú Aibrean don Chóineartú.

**Oilithreacht Cairde Mhuire Lourdes. 2026**
24ú Meitheamh ar feadh 5 oíche €995 Óstan Padoue, as B.A.C. Treoraí Spioradaltá An Sagart Pádraig Ó Baoighill. Eolas ó Bheirní 087 935 3953

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
Dé Sathairn 11/04 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 12/04 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
Dé Domhnaigh 12/04 @ 11.00: Jenna Nic Fhionnlaoich

Dé Sathairn 18/04 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 19/04 @ 9.00:
Dé Domhnaigh 19/04 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**LÉITHEOIRÍ - Aibrean**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Conor Ó Gallchóir
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Noel Ó Gallchóir
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Seán B Ó Gallchóir
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Aibrean**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Caitlín Ní Ghallchóir & Rita Nic Gabhann
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Nóirín Nic Gearailt & Mícheál Mac Géidigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Annette Nic Póil & Sineád Nic Fhionnlaoich

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luain**
Dé Luain: Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
Dé Céadaoine: Mná Phort Mhaise 10-12 r.n
Déardaoin: Aeróbaice Chathaoir 11-12 i.n. Aeróbaic Chéime 12-12.30
Cardaí 7.30 i.n.€5
Bhain Odhran Forde, Dixon's €112
ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

**Cainte staire**
Beidh caint ar sheanchas agus scéalta faoi Naimhh Dubhthach agus Oileàn Dúiche a thabhairt ag Micheàl Ó Domhnaill , Deardaoin 16 Aibreàn 7.30 Óstàn Loch Altan. A eagrú ag Coiste Comóradh Cholàiste Uladh.

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto: Níor imigh an póta óir! Comhghairdeachas le John Cannon a bhain €100. B'iad 5-10-14-15-18-19 na huimhreacha. Póta óir anois:€3,300